Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Nollaig 2020**
**(OR. en)**

**13724/20**

**COTRA 22**
**CFSP/PESC 1093**
**COPS 451**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 13634 2020 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe<br>– Conclúidí ón gComhairle (7 Nollaig 2020) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe, a ghlac an Chomhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 7 Nollaig 2020.

**IARSCRÍBHINN**

## Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe

1. Athdhearbhaíonn an Chomhairle an tábhacht straitéiseach a bhaineann le comhpháirtíocht an Aontais Eorpaigh le Stáit Aontaithe Mheiriceá ós é an caidreamh é is mó agus is dlúithe ar domhan, fréamhaithe i gcomhluachanna agus leasanna coiteanna, i naisc chultúrtha agus stairiúla, mar aon leis an réaltacht gheopholaitiúil. Tá comhpháirtíocht láidir thrasatlantach ríthábhachtach chun an tslándáil, an chobhsaíocht agus an rathúnas coiteann a áirithiú agus chun cuidiú leis an tslándáil, an chobhsaíocht agus an rathúnas sin. Ina theannta sin, creidimid gurb é an caidreamh trasatlantach bunchloch an oird idirnáisiúnta riailbhunaithe ós leis a threisítear an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta, an tsaoirse, an rathúnas, cearta an duine, an comhionannas inscne, an t-iltaobhachas, an smacht reachta agus an daonlathas, ní hamháin dóibh siúd atá ina gcónaí sa dá chríoch seo ach don chuid eile den domhan freisin.

2. Creideann an Chomhairle i gcomhpháirtíocht straitéiseach fhadtéarmach leis na Stáit Aontaithe – rud a rachaidh chun tairbhe an dá thaobh - in ord iltaobhach neartaithe a chuirfidh fís chomhroinnte den domhan chun cinn chun gur féidir torthaí nithiúla a bhaint amach. Ní mór an clár oibre trasatlantach a athnuachan chun gur féidir teacht ar fhreagraí comhpháirteacha ar na dúshláin atá roimh an domhan, d'fhonn sláinte agus folláine ár ndaoine agus ár bpláinéid a chosaint, agus chun an daonlathas a chosaint sa chaoi go ndéanfaidh sé an beart ar son ár saoránach. Trína ghníomhaíocht straitéiseach a shaothrú agus trí chur lena chumas féin gníomhú go neamhspleách, neartófar an tAontas chun go mbeidh sé in ann rannchuidiú go gníomhach ar mhaithe leis an gcomhpháirtíocht thrasatlantach a threisiú agus a chumas féin beart a dhéanamh a neartú.

3. I bhfianaise na n-éifeachtaí tubaisteacha atá ag Covid-19, is práinní anois ná riamh gur i dteannta a chéile a dhéanfaí an phaindéim a chomhrac, go gcuirfí chun feidhme ina iomláine Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe, go n-áiritheofaí téarnamh eacnamaíoch glas agus go gcuirfí dlús leis an bhfuinneamh glas agus leis an aistriú digiteach agus go neartófaí ár gcomhluachanna. Ós amhlaidh atá, is díol sásaimh don Chomhairle an rún atá ag an Uachtarán toghaí Biden go mbeadh na Stáit Aontaithe páirteach arís a luaithe is féidir i gComhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide. Tá an Chomhairle ar tinneall chun páirt a ghlacadh in idirphlé trasatlantach maidir leis an aeráid sula mbeidh cruinniú COP26 ann, mar bhreis leis an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Margadh Glas na hEorpa, agus chun bearta nithiúla a chur chun feidhme go comhpháirteach ar mhaithe leis an athrú aeráide a chomhrac agus neodracht aeráide a bhaint amach. Chun borradh a chur faoin téarnamh eacnamaíoch, ba cheart dúinn oibriú le chéile chun ár gcaidreamh eacnamaíoch a dhoimhniú, lena n-áirítear na cnámha spairne atá eadrainn maidir le cúrsaí trádála a réiteach. Ba cheart go mbeadh sé d'aidhm ag an Aontas agus ag na Stáit Aontaithe úsáid níos éifeachtaí agus níos comhordaithe a bhaint as bearta sriantacha, agus aghaidh a thabhairt ar shaincheist na mbeart a bhfuil éifeacht sheach-chríochach acu.

4. Tá sé in am ár dtacaíocht a thabhairt don iltaobhachas, lena n-áirítear trí athchóirithe a bhfuil géarghá leo a chur i bhfeidhm in eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus sin a dhéanamh ar bhealach a chaomhnóidh na prionsabail bhunaitheacha – a chumhdaítear i gCairt na Náisiún Aontaithe – agus cearta an duine. Ós amhlaidh atá, is díol sásaimh don Chomhairle tiomantas an Rialtais nua don taidhleoireacht iltaobhach agus do comhghuaillíochtaí idirnáisiúnta. Tá an tAontas Eorpach ag tnúth go mór le bheith ag obair i ndlúthchomhar leis na Stáit Aontaithe chun cumas na Náisiún Aontaithe a neartú d'fhonn aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda. Is mithid iarrachtaí comhpháirteacha an Aontais agus na Stát Aontaithe a athnuachan ar mhaithe le heagraíochtaí idirnáisiúnta amhail an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus an Eagraíocht Dhomhanda Trádála a neartú agus a athchóiriú, agus oibriú le chéile chun an neamhleathadh, an dí-armáil agus an t-ollstruchtúr rialaithe arm ar fud an domhain a threisiú. Ní mór dúinn oibriú le chéile chun an Plean Cuimsitheach Comhpháirteach Gníomhaíochta a chaomhnú, mar a formhuiníodh le Rún 2231 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, ar colún lárnach é den ailtireacht neamhleata dhomhanda, agus chun gach ar baineadh amach dá bharr a chur chun cinn agus chun aghaidh a thabhairt ar pé dúshláin dá mbeidh romhainn feasta. Tá an Chomhairle tiomanta i gcónaí don chomhar a atreisiú i bhfóraim idirnáisiúnta agus do chearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta a chosaint.

5. Meabhraítear don Chomhairle go bhfuil an teanntás idirnáisiúnta atá ag teacht chun cinn i measc gníomhaithe éagsúla ina bhagairt agus ina dhúshlán coiteann ag sochaithe daonlathacha agus geilleagair mhargaidh na gcomhpháirtithe trasatlantacha. Ní mór dúinn, i bpáirt leis na Stáit Aontaithe, ár n-athléimneacht straitéiseach agus ár slándáil fuinnimh a neartú, bagairtí hibrideacha, lena n-áirítear an bhréagaisnéis, a chomhrac, an comhéigean eacnamaíoch agus ionsaithe ar bhonneagar criticiúil a sheasamh, fuinneamh a chur lenár n-iarrachtaí cleachtais éagóracha trádála a chomhrac agus a áirithiú go gcoimeádfaimid ár bhfaobhar teicneolaíochta. I gcás ar bith inar féidir ba cheart dúinn an comhar eadrainn a leathnú ionas go dtabharfar isteach daonlathais a bhfuil an dearcadh céanna acu agus atá againn féin. Tá an tAontas faoi réir le leanúint d'oibriú leis na Stáit Aontaithe i ngach réimse, pé i gcomharsanacht Oirthear agus Deisceart an Aontais, sna Balcáin Thiar, sa Mheánmhuir Thiar, sa Mheánoirthear, san Afraic, i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib, nó san Aigéan Ciúin é. Beidh sé chomh riachtanach céanna ár gclár oibre coiteann maidir le nascacht inbhuanaithe a chur chun cinn.

6. Ba cheart don Aontas Eorpach agus do na Stáit Aontaithe leanúint dá ndlúthpháirtíocht agus den idirphlé eatarthu i réimse na slándála agus na cosanta agus a gcomhiarrachtaí a fheabhsú a thuilleadh, lena n-áirítear trí chomhpháirtíocht straitéiseach AE-ECAT, atá tairbheach don dá thaobh agus a threisíonn an dá thaobh, i réimsí an leasa choitinn faoi chuimsiú dhearbhú comhpháirteach Vársá 2016 agus dhearbhú comhpháirteach na Bruiséile 2018. Cuirfidh sé sin ar ár gcumas aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na bagairtí agus dúshláin thraidisiúnta éagsúla atá ag teacht chun cinn. I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle an 17 Meitheamh 2020, le tionscnaimh shlándála agus chosanta an Aontais cuirfear feabhas ar an rannchuidiú Eorpach leis an tslándáil thrasatlantach. Cuirfidh siad freisin le neartú an oird idirnáisiúnta riailbhunaithe agus na Náisiún Aontaithe ina chorplár.

7. I ndeireadh na dála agus thairis aon ní eile, creidimid go bhfuil ár gcomhpháirtíocht fréamhaithe go domhain sa chaidreamh idir daoine. Nuair a chuirtear ceangail láidre idirphearsanta chun cinn féadann na ceangail sin ról bunúsach a imirt maidir le caidreamh dearfach agus níos dlúithe a chothú idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe. Má táimid chun an chomhpháirtíocht eadrainn a fhorbairt tá sé ríthábhachtach go ndéanfaimis infheistiú leanúnach i dteagmhálacha idirphearsanta, tríd an gcomhar san eolaíocht, i dtaighde agus forbairt, i gcúrsaí oideachais, san idirlíon agus sa tsochaí faisnéise, agus i gcúrsaí gnó agus cultúir. Aithníonn an Chomhairle freisin gur gá naisc a chothú idir ár ndaoine óga agus ceannairí na todhchaí chun an chomhthuiscint a chur chun cinn ar mhaithe leis an gcomhar idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe, agus ar son na luachanna agus na bprionsabal atá i gcoiteann againn. Le go mbeidh ar a gcumas ag saoránaigh uile an Aontais leas leanúnach a bhaint as teagmhálacha idirphearsanta, is tosaíocht i gcónaí ag an Aontas Eorpach é cómhalartacht iomlán víosaí leis na Stáit Aontaithe a bhaint amach dá Bhallstáit go léir.

8. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur suim léi dul i mbun idirphlé polaitiúil rialta, cuimsitheach agus straitéiseach leis na Stáit Aontaithe, lena n-áirítear ar an leibhéal is airde, chun go mbainfear lánacmhainn as an gcomhpháirtíocht thrasatlantach. Agus an t-am atá caite á mhóradh ach ag féachaint don todhchaí ag am céanna, seasann an Chomhairle faoi réir chun treo straitéiseach gach beartais comhleasa a phlé agus tá sí ag súil leis an gcomhar leis na Stáit Aontaithe a leathnú.